Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2016
(OR. en, de, es)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0277 (COD)**

**13505/1/16**
**REV 1 ADD 1 REV 1**

**LIMITE**

**AVIATION 215**
**CODEC 1490**
**RELEX 867**

PUBLIC

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13505/1/16 REV 1 AVIATION 215 CODEC 1490 RELEX 867 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14991/15 AVIATION 152 CODEC 1667 RELEX 1014 + ADD 1-5 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>– Cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, leagan leasaithe de na ráitis a thug BE, DE, ES, UK agus an Coimisiún uathu le linn chruinniú COREPER an 16 Samhain 2016, atá le cur isteach i miontuairiscí COREPER/na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**A. Airteagal 123-2-4 : Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008**

"Féadfaidh BE tacú leis an iarratas ar shoiléiriú ar an moladh go ndéanfaí Airteagal 123 den Bhunrialachán a leasú le go mbeadh Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 níos intuisceana maidir le hoibriú aerárthaigh chláraithe de chuid tríú tír. Agus machnamh déanta ag an mBeilg ar na ceanglais ró-throma a bheadh ar iarratasóirí Eorpacha agus ar an ualach oibre breise a bheadh ar Údaráis Náisiúnta Eitlíochta (NAA) na mBallstát i gcás formheas casta agus neamh-indéanta a thabhairt i dtaca leis an léasú isteach d'aerárthaigh fheistithe de chuid oibreoir tríú tír mar a leagtar síos sna Rialacha Cur Chun Feidhme reatha IR OPS (AE) 965/2012 ORO. AOC.110 (c) (2) "Conradh léasa", molann an Bheilg go ndéanfadh Údarás Náisiúnta Eitlíochta an léasú isteach d'aerárthaigh fheistithe de chuid oibreoir tríú tír a scrúdú agus a mheas sa chás gur cuireadh comhaontú idirnáisiúnta i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin agus sa chás sin amháin. **Tugann an Bheilg dá haire na míniúcháin ón gCoimisiúin go bhféadfaí a chumhdach leis na bearta faoi Airteagal 57(1)(b) go nglacfaí le deimhnithe tríú tír agus le doiciméadacht ábhartha eile chun críoch léasaithe feistithe ina mbeadh oibreoirí aeir tríú tír páirteach."**

**B. Iarscríbhinn 1 : Aerárthaí dá dtagraítear in Airteagal 2(3)(d)**

Ní thacaíonn an Bheilg leis na modhnuithe sonracha seo a leanas ar Iarscríbhinn 1: (e ) MTOM 350kg/500kg d'eitleáin agus (f) do heileacaptair atá nasctha le gíreitleáin, mar a leagtar síos i ndoiciméad na Comhairle Tag.: 13505/16 ADD 2, 9 Samhain 2016 (Bhí an Bheilg i gcoinne gíreitleáin 560kg a thabhairt isteach sa leagan reatha d'Iarscríbhinn 2 de Rialachán (AE) Uimh. 216/2008).

Ar ndóigh, níl ann d'aon mheasúnú tionchar réasúnaithe oibiachtúil a bhaineann le sábháilteacht (tá an méid sin contráilte le haithris (1) aithris (3) agus aithris (4)) lena dtacófaí leis an modhnú sin a mhol ceithre Bhallstát ar dtús agus níl ann d'aon luach breise ó thaobh na sabháilteachta de. Ina theannta sin beidh éifeacht dhiúltach amhail ualach oibre méadaitheach ag an modhnú sin ar Údaráis Náisiúnta Eitlíochta (NAAanna), beidh éifeacht dhiúltach aige ar chothroime iomaíochta san Aontas Eorpach trí fiche hocht rialachán náisiúnta éagsúla a chur chun feidhme agus beidh éifeacht dhiúltach aige ar chumas teacht slán paisinéirí i gcás timpiste nó tuirlingt crua, ... De réir phrionsabal comhaontaithe an "dearbhaithe" agus Airteagal 2-4-(a) faoi seach tá uirlis sa Bhunrialachán lena gcumasaítear Ballstát glacadh le dearbhú nó a iarraidh ar EASA aerárthach níos troime ná 450kg a dheimhniú ar bhonn na rialacha cur chun feidhme (IR) arb ann dóibh faoi láthair is iad sin IR CS-VLA nó CS-LSA agus le hAirteagal nua 126 2s (tacaíonn an Bheilg leis sin) foráiltear do nuashonrú a dhéanamh laistigh de dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialachán seo ar na Rialacha Cur Chun Feidhme (IR) sin le haghaidh rialacha spórt agus caithimh aimsire. Maidir leis na Héileacaptair/Gíreitleáin, is ceart a thabhairt ar aird go bhfuil na meicníochtaí eitilte faoi seach éagsúil lena chéile agus dá bhrí sin nár cheart an dá chineál aerárthaigh sin a chomhshamhlú sa Rialachán.

Tacaíonn an Bheilg leis an leagan comhdhlúite d'Iarscríbhinn 1 mar a leagtar síos é i ndoiciméad na Comhairle 13216/16 ADD 1 REV 1 (Aviation 206, Codec 1435, Relex 835) dar dáta 28 Deireadh Fómhair 2016 (Comhad Idirinstitiúideach 2015/0277 (COD)): (e) MTOM 300kg/450kg d'Eitleán talún/heileacaptair/paraisiút cumhachtaithe /faoileoirí cumhachtaithe, (f) gíreitleáin 560kg."

* * *

**Ráiteas ó Phoblacht Cónaidhme na Gearmáine**

Ar lá chruinniú na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 1 Nollaig 2016 maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialacha Comhchoiteanna i Réimse na hEitlíochta Síbhialta lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Is mór ag Rialtas Cónaidhme na Gearmáine, i bprionsabal, cuspóir an togra le haghaidh rialacháin agus an dul chun cinn atá déanta go nuige seo sa chaibidlíocht. Baineann an méid sin le feabhas a chur ar oiriúnacht na rialacha agus dá bhrí sin le feabhas a chur ar an éifeachtúlacht eacnamaíoch i ngnólachtaí agus i gcuideachtaí chomh maith le feabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta san Eoraip

Mar a tharla roimhe seo áfach i gcás gníomhaíochtaí eile an Aontais, diúltaíonn an Rialtas Cónaidhme don rogha sin go bhféadfaí in ann suas le cúig bliana a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, mar a fhoráiltear in Airteagal 92(4). Diúltaíonn sé ar na cúiseanna seo a leanas. Le téarma oifige de dheich mbliana ar a laghad, bhainfeadh oibleagáidí móra airgeadais don nGníomhaireacht, i gcomhréir le hAirteagal 77 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, rud is ceart a sheachaint. Tá ar an Aontas Eorpach costais shuntasacha a sheasamh i dtaca le pinsin scoir, (64 billiún euro in 2015). Dá bhrí sin ba cheart do théarma oifige Stiúrthóra Feidhmiúcháin a bheith níos giorra ná sin.

Maidir le hAirteagal 109(5) den Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialacha Comhchoiteanna i Réimse na hEitlíochta Sibhialta lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, meabhraíonn an Ghearmáin di an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i dtaca le Clársceidealú Acmhainní Daonna agus Airgeadais do Ghníomhaireachtaí Díláraithe 2014-2020, lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh ó na Cinn Stáit nó Rialtais an 7 agus an 8 Feabhra 2013, trína gcuirtear in iúl nach ndéantar aon idirdhealú idir gníomhaíochtaí a maoinítear le táillí agus poist agus idir poist agus gníomhaíochtaí a mhaoinítear le buiséad an Aontais Eorpaigh. Measann an Ghearmáin go bhfuil sí faoi cheangal aige sin agus nár cheart, dá bhrí sin, a thabhairt le fios go mbeidh comhaontú na foclaíochta reatha aici mar fhasach i dtaca le bunú nó leasú gníomhartha bunaidh do ghníomhaireachtaí amach anseo. Agus iarrann sí ar an gCoimisiún é sin a chur san áireamh amach anseo nuair a bheidh tograí dá leithéid á n-ullmhú aige.

**Is díol sásaimh don Ghearmáin gur comhaontaíodh, sa phlé a rinneadh sa Chomhairle ar Airteagal 76, gur cheart gníomhaíochtaí EASA i réimse shlándáil na heitlíochta a theorannú do ghnéithe a mbaineann forluí idir slándáil eitlíochta agus sábháilteacht eitlíochta leo.**

* * *

**Ráiteas ón Spáinn maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialacha Comhchoiteanna i Réimse na hEitlíochta Sibhialta lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

"Meabhraíonn an Spáinn di go bhfuil feidhm, ar ndóigh, ag reachtaíocht na hEorpa maidir leis an gcríoch a gcuirtear na Conarthaí i bhfeidhm uirthi, de bhun Airteagal 52 CAE agus Airteagal 355 CFAE, ach, gur ann do choinbhleacht, i gcás aerfort Ghiobráltar, maidir le ceannasacht na críche a bhfuil an t-aerfort lonnaithe uirthi (an Chuing, críoch nach bhfuil géillte don Ríocht Aontaithe i gConradh Utrecht). Toisc go bhfuil ann don choinbhleacht sin idir an dá Bhallstát, mar atá aitheanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh féin, ní féidir a chinneadh cé hé an t-údarás dlisteanach ar a bhfuil an fhreagracht as an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm maidir le haerfort Ghiobráltar, agus cruthaítear oibleagáid, mar gheall ar an gcoinbhleacht sin, an cur i bhfeidhm sin a chur ar fionraí go dtí go mbeidh comhaontú idir an dá Bhallstát i dtaca leis."

* * *

**Ráiteas do na miontuairiscí ón Ríocht Aontaithe**

"Ba mhaith leis an Ríocht Aontaithe buíochas a ghabháil leis an Uachtaránacht as an obair dhian a rinne sí ar an gcomhad seo. Is éard atá i gceist anseo cur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh maidir le Giobráltar. Tugann an Ríocht Aontaithe dá haire go bhforáiltear in Airteagal 355(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar a leanas: "Bainfidh forálacha na gConarthaí leis na críocha Eorpacha a bhfuil Ballstát freagrach ina gcaidreamh eachtrach", agus go n-áirítear Giobráltar sna críocha sin. Ós rud é nach dtagann reachtaíocht eitlíochta faoi aon cheann de na heisiaimh maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh i nGiobráltar dá bhforáiltear in Ionstraim Aontachais na Ríochta Aontaithe ar an Aontas Eorpach 1972, measann an Ríocht Aontaithe nach ann d'aon bhunús dlí faoi láthair lena gceadófaí cur i bhfeidhm na reachtaíochta eitlíochta maidir le Giobráltar a eisiamh nó a chur ar fionraí.

Aithníodh an seasamh sin i gComhaontú Cordoba 2006 idir an Ríocht Aontaithe, Giobráltar agus an Spáinn, inar thug an Spáinn gealltanas (gan dochar dá seasamh maidir le ceannasacht ar Ghiobráltar) nach leanfaidh sí a thuilleadh leis an iarraidh go ndéanfaí Aerfort Ghiobráltar a chur ar fhionraí ó thaobh reachtaíocht eitlíochta an Aontais Eorpaigh. Leanann an Ríocht Aontaithe agus Giobráltar de sheasamh leis an gcomhaontú sin.

Leanann an Ríocht Aontaithe de bheith cuiditheach ach ní bheadh sí in ann glacadh le téacs nach raibh i gcomhréir le Conarthaí an Aontais Eorpaigh agus a mbeadh sé d'fheidhm leis cur i bhfeidhm a chur ar fionraí i gcás Giobráltar.

Tá Rialtas na Ríochta Aontaithe muiníneach as ceannasacht na Ríochta Aontaithe ar Ghiobráltar ina hiomláine."

* * *

**Ráiteas ón gCoimisiún i dtaca le hinfheidhmeacht an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialacha Comhchoiteanna i Réimse na hEitlíochta Sibhialta lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008**

"Maidir leis an gceist an mbunaítear oibleagáid leis an togra seo a bheidh ar údarás poiblí a bhfuil freagracht air as gníomhaíochtaí a tharlaíonn in aerfort Ghiobráltar nó os a cionn, is mian leis an gCoimisiún a chur in iúl go láidir nach ndéanfaí raon feidhme na rialacha ábhartha a athrú leis an téacs reatha ón gComhairle i dtaca le Togra le haghaidh Rialachán maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is é sin athrú le hais an cháis mar a bhí faoi Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 a mhéid is a bhaineann le haerfort Ghiobráltar. Dá réir sin, ní bhunófaí, leis an téacs sin, aon oibleagáid nua ar údarás poiblí a bhfuil freagracht air as gníomhaíochtaí a tharlaíonn in aerfort Ghiobráltar nó a tharlaíonn os a chionn.

Meabhraítear don Choimisiún freisin go bhfuil sé neodrach sa díospóid idir an Ríocht Aontaithe agus an Spáinn faoi cheannasacht na críche ina bhfuil aerfort Ghiobráltar suite agus is díol áiféala dó go bhfuil moill á cur ar roinnt comhad eitlíochta sa Chomhairle leis an gceist sin."